# Fine Gall 1900 – 1923

## Polaitíocht, Cogadh agus Réabhlóid









libraries.
fingal.ie

An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# Náisiúnachas Cultúrtha

Ceann de réamhtheachtaithe na mblianta réabhlóideacha ab ea fás an náisiúnachais chultúrtha, a shainmhínítear mar iarrachtaí chun an Ghaeilge, spórt agus cultúr a chur chun cinn, agus é mar chuspóir acu den chuid is mó béim a chur ar an idirdhealú idir Éire agus an Bhreatain. I ndeireadh an 19ú haois bunaíodh eagraíochtaí ar nós CLG (sa bhliain 1884) agus Conradh na Gaeilge (sa bhliain 1893), agus leis an 'athbheochan liteartha' tháinig borradh ar an bhfilíocht, drámaíocht agus ficsean a d'fhéach le téamaí Éireannacha agus Gaelacha a úsáid mar bhunchloch do litríocht na hÉireann sa Bhéarla. Léirítear an méid sin i saothair liteartha cháiliúla W.B. Yeats, Lady Gregory agus Alice Milligan, chomh maith le hoscailt Amharclann na Mainistreach i mí na Nollag 1904.

Cé go bhfuil taifid chartlainne gann ar an ábhar, léiríonn tuairiscí comhaimseartha nuachtáin go raibh CLG gníomhach i bhFine Gall ó dheireadh na 1880idí agus go raibh tóir a dhóthain air chun eagrú comórtas a éascú go neamhspleách ar Chathair Bhaile Átha Cliath. Dealraíonn sé, áfach, nach raibh úsáid na Gaeilge tagtha i réim sa chontae chun sástachta roinnt gníomhaithe. An 15 Nollaig 1900, rinne an nuachtán United Irishman gearán faoi leibhéal íseal rannpháirtíochta leis an nGaeilge:

> "We have again to ask when does Swords intend to throw its lot in with the movement?...When are they going to join hands with Howth and the Naul? We know the men of Fingal to have always proved themselves true in times of stress, and we shall be disappointed in them if they remain inactive in the work which within our own days must, if continued in, give us back again the individuality of Eireann."

Faoin mbliain 1902, bhí Conradh na Gaeilge scaipthe ar fud an chontae, le brainsí i mBinn Éadair, Sord, Lusca, na Sceirí agus an Aill. Chomh maith leis sin, reáchtáladh sraith imeachtaí ar théama na Gaeilge ar fud an chontae thar na blianta ina dhiaidh sin, rud a tharraing aird an phreasa.

Faoi 1905, bhí cúrsaí tar éis dul ar aghaidh chomh maith sin gur thug Drogheda Independent an tuairisc seo a leanas maidir le Feis Dhomhnach Bat:


> "To go around Donabate on Sunday evening you would imagine you were in some village such as 'Ring' or some other Irish-speaking centre, instead of being within a stone's throw of the Metropolis."

Ba iad Frank Lawless agus Thomas Ashe a bhí chun tosaigh sa saol náisiúnach cultúrtha i bhFine Gall ag tús an chéid. Nuair a atoghadh Lawless mar leasuachtarán ar Chonradh na Gaeilge áitiúil i mí na Nollag 1912, ba é Ashe a thug a thacaigh a ainmniúchán agus bhí Lawless agus a bhean Catherine ina n-eagraithe agus ina dtaibheoirí rialta ag go leor d'imeachtaí Chonradh na Gaeilge i Sord. Chomh maith leis sin, is minic a d'eagraigh agus a rinne Ashe agus Lawless réiteoireacht ar chluichí CLG ar fud an chontae. Mar sin féin, ní raibh sa náisiúnachas cultúrtha ach snáithe amháin den ghluaiseacht náisiúnach a bhí ag stiúradh na hÉireann i dtreo an neamhspleáchais go luath san fhichiú haois – bhí fás an náisiúnachais sa pholaitíocht áitiúil ar fud na tíre i gceist chomh maith.



Foireann peile Fingallians i 1909

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall



Fingal Feis.

AN ENJOYABLE FUNCTION.


DR. DOUGLAS HYDE'S ADDRESS.

Fingal Feis was exceptionally well patronised on Sunday last by the numerous visitors attracted to Balbriggan for other functions in addition to those drawn together by the Feis itself, and by the football match between the Tredagh Juniors and Fingal. Glorious weather marked the event, which was certainly the most successful Gaelic entertainment ever held in Fingal. The competitions were wide and varied, and the presence of the "Black Raven" Pipers, the St Patrick's (Balbriggan), and the Julianstown Bands, lent a very gala-like air to the affair. Of the committee who worked untiringly under rather trying conditions to bring the work to a successful issue, too much cannot be said, and Mr Magee, who kindly placed the field at the disposal of the Feis, also deserves special thanks. On paper the entries went well above 400, and many of those entries embraced a number of competitions, as in the 4-hand reels, etc. An unusual proportion of those entered took their place before the judges, thus testifying to the keen interest which all took in the function. Entries in the Industrial Section were very good on the whole, but one or two competitions in which the tale should be otherwise, bore the legend "No entry." The musical competitions

Feis Fhine Gall

Drogheda Independent 11 Iúil 1914

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann



Connradh na Gaedhilge.

SWORDS BRANCH.

On Sunday evening, the 8th inst, a concert of exceptional interest to lovers of Gaelic music was given in the hall of the above branch in Swords, and a very attractive programme was gone through in the presence of the large and enthusiastic audience who filled the hall, which was specially decorated for the occasion. A large contingent travelled from Dublin to take part in the concert, and the branch were very happy in their selection of artistes. The 'National Concert Party,' assisted by a couple of ladies from the Fear na Muintire choir, contributed the most of the vocal items, and the programme was opened by N C P quartette, the rallying song of the Gaelic League, Go Mairidh ar nGaedhilge Slan. The other choruses given were 'The Wine Cup.' 'Moore's' famous song as arranged by Sir Robert Stewart, 'The Return from Fingal,' a most appropriate item, considering its historic relations, and 'The Shan Van Vocht,' all of which were grandly rendered by those well trained artistes. Solos and duets were given by the following well-known singers:—Mr John Lawless, who sang quite a number of songs in his own finished style, was never heard to greater advantage than in his native town, and he gave amongst others the following songs:—'The Irishman,' 'The Old Plaid Shawl,' Mairin, 'The Top of the Morning, "Molly Jeant, Say You're Honest,' etc., in most masterly style. Mr R O Byrne's fine voice was heard to advantage in 'Step Together' and 'The West's Asleep.' Miss M Moran is an artist of great ability, and the 'National Concert Party' should be proud of the efforts of this young lady who sang Davis's fine song, 'Our Own Little Isle' and 'Aghadoe,' by Todhunter, a song that is very seldom heard, but when rendered in such fine style will long be remembered. 'Sweet Vale of Avoca' was very tunefully sung by Miss Smith, and Mr A Duff contributed 'Brideen bawn mo Stoir' in good style. Duets were well rendered by the Misses Larkin—'Adieu to Innisfail,' and Misses Moran, 'Storeen Bawn.' The local branch contributed its quota to the entertainment, Mr Frank Lawless singing 'Paddies Evermore' and Mr McDonnell Siubhail Agradh, gave an idea of the great progress this little branch is making in the Revival movement. The dancing deserves special mention, and the 'Four-Hand Reel' by Misses Ryan and Proctor, and Messrs Kettle and McDonnell compared favourably with the dancing of such well-known dancers as the Keatings and the 'National Concert Party' dancers who are such well-known exponents of the traditional style, that it is unnecessary to praise. Mr Moran contributed a violin selection, and Master J Ennis (Naul), gave a grand selection on the fiddle, an instrument which he is master of; in addition he contributed a hornpipe in his own graceful fashion. A special word of praise is due to Miss Mina McCormack (Lispopple), who presided at the piano on very short notice, and whose performance was indeed a credit to the branch. A splendid programme was brought to an end by the singing of 'A Nation Once Again' by Mr J Lawless.

Mr Frank Lawless and Mr P Kettle warmly voiced the opinions of the large audience in thanking the artistes who so kindly contributed the night's entertainment.. A most enjoyable Ceilidh was held afterwards in the place provided by the committee who are to be congratulated on their splendid efforts. Amongst those who assisted in arrangements were—Mrs F Lawless, Miss Mary Ryan, Duff, Proctor, and Messrs P Ryan, T Duff, R Cannon, J Howard, G Tyrell, M McCroddan, etc., who were indefatigable in looking after the comfort of visitors. All round the Gaelic Leaguers of Swords are to be congratulated on their splendid efforts in the movement, and we hope every success will attend them in their efforts to create a healthy National thought by providing such entertainments, and we would like to see other centres in Fingal try and follow their example.

Craobh Conradh na Gaeilge i Sord

Drogheda Independent 21 Feabhra 1903

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann



Connradh na Gaedhilge.

Craobh Naomh Macuilin (Lusca).

The classes of above branch, which were held last week on Wednesday, Thursday and Sunday, continued to make steady progress. The last-mentioned class, which is for children only, is taught on the Gouin system, and it is wonderful the progress the little ones are making under this system of teaching. Irish prayers are also taught at this class. Arrangements are now complete for the Ceilidh, which will be held on to-morrow (Sunday) evening, when an enjoyable evening will be provided for all.

Ranganna Conradh na Gaeilge i Lusca

Drogheda Independent 21 Feabhra 1903

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann



Frank Lawless c.1916

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall



Thomas Ashe faoi éide Banna Píb Black Raven i Lusca, c.1911.

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

# Polaitíocht Áitiúil

I gcomhthráth le hardú an náisiúnachais chultúrtha in Éirinn bhí streachailt pholaitiúil in aghaidh an oird bhunaithe. Ba é an sampla ba suntasaí de seo olltoghchán mhí na Nollag 1918, inar scrios páirtí ceannairceach Shinn Féin Páirtí Parlaiminteach na hÉireann beagnach. Bhí an bhunchloch do bhua chomh mór sin leagtha ar an leibhéal áitiúil, áfach, áit a raibh an náisiúnachas nua ag tabhairt aghaidh ar na cumhachtaí traidisiúnta le fada an lá.





Suaitheantas Óglaigh Náisiúnta na hÉireann

Bunaíodh Óglaigh Náisiúnta na hÉireann ar an 25ú Samhain 1913

Le caoinchead ó Pat Moran.

An 12 Lúnasa 1898, achtaíodh an tAcht Rialtais Áitiúil, rud a bhunaigh córas rialtais áitiúil d'Éirinn, lena n-áirítear comhairlí contae a chruthú. Bhí tionchar láithreach aige sin ar an bpolaitíocht áitiúil i bhFine Gall. Reáchtáladh na chéad toghcháin do Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath i mí Aibreáin 1899 agus léirigh torthaí go raibh an tsean-aicme úinéireachta talún ag dul i léig agus glúin nua ag teacht chun cinn: toghadh aon Náisiúnach déag, seisear Aontachtaithe, beirt chomhalta de Chonradh na Talún/Lucht Oibre agus 'Redmondite' amháin. Ba iad seo a leanas na daoine a rinne ionadaíocht ar Chontae Bhaile Átha Cliath Thuaidh:

| Barda | Iarrthóir | Páirtí | Vótaí a Fuarthas |
|---|---|---|---|
| Baile Brigín | Cumiskey, W. J. | An Páirtí Náisiúnta | unopposed |
| Caisleán Cnucha | Mooney, Joseph | An Páirtí Náisiúnta | 90 |
| An Chúlóg | Flood, James J. | Conradh na Talún & Lucht Oibre | 429 |
| Binn Éadair | McKenna, James | An Páirtí Náisiúnta | 507 |
| Lusca | Rooney, Edward | An Páirtí Náisiúnta | 635 |
| Sord | O'Neill, Patrick J. | An Páirtí Náisiúnta | 528 |




J. J. Clancy, polaiteoir náisiúnach Éireannach agus Feisire do Chontae Bhaile Átha Cliath ó 1885 go 1918. Ba é Frank Lawless, iarrthóir Shinn Féin i dtoghcháin 1918, a bhuail é

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

Bhí an chéad chruinniú den chomhlacht nua seo ar siúl an 2 Bealtaine 1899 i dTeach Cúirte Chill Mhaighneann, faoi chathaoirleacht Patrick O'Neill, agus rith sé rún ag éileamh neamhspleáchais nó féinrialtais.

Ba thréimhse chorraitheach í an tréimhse seo sa pholaitíocht áitiúil agus tháinig fás ar ghníomhaíochas náisiúnach na cosmhuintire ar fud an chontae. An 27 Bealtaine 1900, bunaíodh brainse de Léig na nÉireannach Aontaithe i Sord, le P.J. Kettle ina uachtarán agus Frank Lawless ina rúnaí. Bunaíodh brainse eile sa Seanbhaile in Aibreán 1902. Ina theannta sin, chuir Acht Talún 1903 dlús le haistriú cumhachta polaitiúla agus eacnamaíochta ó shean-scothaicme an tiarna talún go meánaicme nua a bhí ag éirí níos rathúla; le heastáit mhóra, talún á ndíol i mbeartáin níos lú le feirmeoirí tionóntacha, maoinithe ag iasachtaí rialtais. Mar thoradh air sin bunaíodh Cumann Feirmeoirí Chontae Bhaile Átha Cliath Thuaidh i 1905, arís le P.J. Kettle ina cheannasaí. Bhí sé seo ag tarlú ag an am céanna le leathnú Chonradh na Gaeilge agus an CLG ar fud Fhine Gall chun tabhairt le tuiscint go raibh borradh náisiúnach ag baint leis.



Dublin County Council.

The first meeting of this council was held at Kilmainham courthouse on Tuesday. All the members except Mr E M Hodgson, J P, were present. Mr Wm Field, M P, was called to the temporary chair. Messrs P Greaver, Rathgar, and James McCann, Chairman of the Kilmainham Township, were co-opted. Mr P J O'Neill, Kinsaley, was unanimously elected chairman, and Mr J J O'Reilly, vice-chairman. Resolutions in favour of Home Rule, a Catholic University, amnesty, the re-adjustment of the Financial Relations, the protection of Town Tenants, the relief of Evicted Tenants, the Reform of Irish Railways, &c, were adopted.

An chéad chruinniú de Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath

Drogheda Independent 6 Bealtaine 1899

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann



Toghadh Frank Lawless chun ionadaíocht a dhéanamh do Chontae Bhaile Átha Cliath Thuaidh i dtoghcháin mhí na Nollag 1918 agus mhí na Bealtaine 1921. Ní raibh sé in ann freastal ar an suí den Chéad Dáil an 21 Eanáir 1919 de bharr go raibh sé i bpríosún

Le caoinchead Mhuintir Lawless

Nocht imeachtaí seachtracha go gairid ina dhiaidh sin áfach na scoilteanna a bhí ag tarlú sa chúlra. Tuairiscíodh gur shínigh 52 áitritheoir ó gach cearn de Chontae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Conradh agus Cúnant Sollúnta Uladh i mí Mheán Fómhair 1912, agus iad i gcoinne an Bille Rialtais Dúchais a thabhairt isteach, a bhí curtha os comhair Theach na dTeachtaí an Aibreán roimhe sin. Le Frithdhúnadh Bhaile Átha Cliath i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 1913 bhí corraíl fhorleathan talmhaíochta ar fud Fhine Gall, leis an nuachtán The Irish Worker ag ionsaí Chumann Feirmeoirí Chontae Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus círéibeacha ag tarlú i Sord i mí Dheireadh Fómhair 1913.

Bhí Arm Cathartha na hÉireann agus Óglaigh na hÉireann, a bunaíodh i mí na Samhna 1913, san iomaíocht ar fud an chontae le haghaidh spás poiblí agus earcaigh de réir mar a d'ardaigh an teocht pholaitiúil go mór. Bhí an chuma ar an scéal go raibh Éire ag sleamhnú i dtreo cogaidh chathartha go dtí gur athraigh na coimhlintí san Eoraip i mí Iúil 1914 treo na n-imeachtaí go hiomlán.



MEETING AT LUSK.

MR. P. J. BRADY, M.P., DEPUTISES.

The historic village of Lusk, in the Fingal Country, was on Sunday, July 12th (Memorable Day!) the centre of attraction for the young men of the village and the surrounding district, for in it was held a public meeting for the purpose of establishing a corps of the Irish National Volunteers. A counter attraction, in the form of a Gaelic Tournament, held at Donabate, in no small way detracted from the Lusk gathering. Yet, withal, a goodly number foregathered under the shadow of the ancient church to give a start in the Parish to the movement that is at present engaging the attention of Irishmen both at home and abroad. The Swords Corps, 60 strong, under the command of Mr R Coleman, marched all the way to the meeting, headed by the Fife and Drum Band. The Hibernian Corps from Dublin travelled by train to Lusk Station, and marched from there to the meeting. Great enthusiasm pre-

Bunaíodh cumann Óglaigh Náisiúnta na hÉireann i Lusca

Drogheda Independent 18 Iúil 1914

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann



Irish Citizen Army.

PUBLIC MEETINGS

will be held on SUNDAY, in Skerries, at 2 o'clock, p.m., and in Balbriggan at 5 o'clock, p.m. Objects of the Citizen Army will be explained, and the necessity of the workers to seek representation on Rural Councils will be urged by prominent Labour Leaders.

Arm Cathartha na hÉireann

The Irish Worker 2 Bealtaine 1914

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann

# An Chéad Chogadh Domhanda

Bhí an Chéad Chogadh Domhanda ar cheann d'imeachtaí bunathraitheacha an 20ú haois agus is féidir a thionchar a fheiceáil ar gach gné de shaol na hÉireann sa tréimhse sin.

Ba é an ceann ba shoiléire díobh sin ná na hiarrachtaí diongbháilte a rinne rialtas na Breataine leas a bhaint as acmhainní daonchumhachta na hÉireann trí thionscnaimh éagsúla chun liostálacha deonacha san arm a spreagadh. I ndeireadh na dála, bhí díomá ar na húdaráis leis na torthaí, cé go ndeachaigh thart ar 210,000 Éireannach isteach i bhfórsaí na Breataine le linn an chogaidh. Bhásaigh go leor mar gheall ar an rannpháirtíocht seo. Chuaigh tuairim is 25,000 duine ó Bhaile Átha Cliath isteach sna fórsaí, agus bhásaigh 6,334 acu sin. Ar an meán, níor fhill duine as gach ceathrar de mhuintir Bhaile Átha Cliath a chuaigh isteach i bhfórsaí na Breataine le linn an Chéad Chogadh Domhanda abhaile riamh.

Shlóg sochaí shibhialta na hÉireann í féin chun tacú leis an iarracht chogaidh agus bhí grúpaí pobail áitiúla ar fud Fhine Gall inchurtha leis an ócáid. Mar shampla, cheadaigh Coimisinéirí Baile Bhaile Brigín úsáid halla an bhaile go rialta le haghaidh ceolchoirmeacha agus siamsaíochta chun cabhrú le hairgead a bhailiú do thrúpaí na hÉireann. Reáchtáladh slógaí earcaíochta ar bhonn rialta ar fud an chontae agus go luath sa Chéad Chogadh Domhanda, nuair a bhí díograis don choimhlint fós le feiceáil, ba mhinic na cruinnithe seo a bheith casta agus atmaisféar carnabhail i gceist leo. Tuairiscíodh sa Drogheda Independent i mí an Mheithimh 1915 gur thug buíon an 3ú Reisimint Ríoga na hÉireann cuairt ar Bhaile Brigín, ag seinm amhráin Ghaeilge, rud a spreag spiorad míleata le linn slógadh earcaíochta ann.

Mar sin féin, d'éirigh na slógaí ní ba mhinice i ndiaidh Éirí Amach 1916 de réir mar a bhog meon an phobail go cinntitheach in aghaidh an chogaidh. Bhí sé seo fíor go háirithe faoin mbliain 1918, nuair ba léir go raibh daoine tuirseach den chogaíocht. Dar leis an Drogheda Independent an 26 Deireadh Fómhair 1918, bhí slógadh earcaíochta ar siúl taobh amuigh de Theach Cúirte Bhaile Brigín ach 'ní raibh an lucht féachana an-mhór ná an-díograiseach'.

Ba í an earcaíocht an chúis freisin le scoilt na nÓglach, tar éis do cheannaire Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann John Redmond iarraidh ar Óglaigh na hÉireann dul isteach i bhfórsaí na Breataine i Meán Fómhair 1914. Dhruid grúpa beag timpeall 10 - 12,000 duine, a bhí go hiomlán i gcoinne rannpháirtíocht sa chogadh, ón ngluaiseacht agus ba iad sin a bhí mar chroílár na reibiliúnaithe in 1916. Chuirfeadh an scoilt seo athrú suntasach ar na hÓglaigh agus, mar aon le héifeachtaí an Chéad Chogadh Domhanda, chruthaigh sé níos mó móiminteam don chinneadh an tÉirí Amach a chur ar bun i mí Aibreáin 1916.


Irishmen!

YOU cannot permit your Regiments to be kept up to strength by other than Ireland's son's! It would be a deep disgrace to Ireland, if all her regiments were not Irish, to a man.

A Call to 50,000 Irishmen

TO JOIN THEIR BRAVE COMRADES IN IRISH REGIMENTS.

IT IS YOUR PROUD DUTY TO SUPPORT YOUR GALLANT COUNTRYMEN WHO HAVE FOUGHT SO WELL. IRELAND MUST STAND BY THEM!

You are asked to SERVE FOR THE PERIOD OF THE WAR ONLY.

EVERY FAMOUS IRISHMAN URGES THIS DUTY VERY EARNESTLY ON YOU. EVERY IRISHMAN SHOULD ANSWER THE CALL—FARMERS' SONS, MERCHANTS, MEN IN SHOPS AND OFFICES. ALL MUST ACT A MAN'S —AN IRISHMAN'S PART.

JOIN AT ONCE : TO-DAY.

FILL IN AND POST THIS FORM : NO STAMP NEEDED.

Connaught Rangers
Royal Dublin Fusiliers
Royal Inniskillings
Royal Irish Fusiliers
Royal Irish Regiment
Royal Irish Rifles
Leinster Regiment
Royal Munster Fusiliers.

I undertake to enlist when called upon for the PERIOD OF THE WAR ONLY in the Irish Regiment mentioned.

Age ........ Height ........
Occupation ........
Name ........
Address ........

Foirm earcaíochta

The National Volunteer 6 Samhain 1915

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann


IRISHMEN!


SIGN THE ENLISTMENT FORM TO-DAY.

If you have any preference for a particular Division, write on the form, in the full page announcement, the name or number of the Division you wish to join.

Ceannlíne earcaíochta

Drogheda Independent 6 Samhain 1915

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann


Lieutenant Cyril Corbally said that Swords had done well, but some people would let their "pals" do their job for them while they stayed at home by the fireside. That was a poor and unworthy idea. Conscience must tell each man that the fireside was no place for him. If he did not obey the dictates of his conscience he would lose his self respect, and regret it all his life

Mr S W Maddock called for cheers for the Swords men who had gone to the War, among them Christy Griffin, Peter M'Kitterick, John and Nicholas Lowndes and Laurence Kinsella. Hearty cheers were given, and Mr Maddock then recited "Who Carries the Gun?"

Fir na Shoird ag dul chun cogaidh

Drogheda Independent 6 Samhain 1915

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann



*Lieutenant Colonel Coote Hely-Hutchinson*

Coote Hely-Hutchinson

Lissenhall & Seafield, Sord

D'fhóin leis na Fiúsailéirí Ríoga le linn an Chéad Chogadh Domhanda mar theagascóir agus shroich sé céim an Lt. Cor.

Bailiúchán Hely-Hutchinson.

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall



Dick Hely-Hutchinson

Lissenhall & Seafield, Sord

D'fhóin leis na Fiúsailéirí Ríoga sa Fhrainc le linn an Chéad Chogadh Domhanda. Scríobh sé abhaile chuig a mháthair ag cur síos ar choinníollacha coscracha an chogaidh

Bailiúchán Hely-Hutchinson.

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall




*Blimps in the Grounds of Malahide Castle – First World War 1914–18*

D' fheistigh aerlonga i gCaisleán Mhullach Íde i rith 1914-1918

Baineadh úsáid as na haerlonga chun cuardach a dhéanamh ar fhomhuireáin Gearmánach i Muir Éireann

Le caoinchead ó Cumann Staire Mhullach Íde



Thomas Kettle

Teampall Mhaighréide, Tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath.

Teachta Parlaiminte do Chontae Cheatharlach, maraíodh é le linn comhraic i gCath an Somme ar 9ú Meán Fómhair 1916.

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall



Saighdiúirí díobhálaithe ag imirt bollaí ag An tOileán, Domhnach Bat, 1915.

Le caoinchead ó Cumann Staire Mhullach Íde

# Mná agus an Réabhlóid i bhFine Gall

In eagarfhocal an 4 Iúil 1914, thug an nuachtán Irish Citizen rabhadh do mhná na hÉireann i gcoinne na nÓglach, Chumann na mBan agus an Chumainn um Chúnamh Deonach, ag cur in iúl:

> "the new Association is officered and governed by men; women are to be allowed to join it, to work for it; but not one woman is given a place on the Committee."

Bhí bunús maith leis an eagla a léirigh an scríbhneoir go ndéanfaí neamhaird do mhná i ngluaiseacht na réabhlóide agus tá tionchar na réabhlóide ar mhná i bhFine Gall ar cheann de na hinsintí gan insint sa tréimhse sin.



Catherine Lawless agus a chlainne, c.1915

Sa ró deiridh, clé go deas: Barney, Kathleen, Colm, Evelyn, Joe, Ita.

Sa chéad ró, clé go deas: Nuala, Frank, Felim, Catherine, Kieran agus Aidan os comhair.

Íomhá le caoinchead Mhuintir Lawless

## Catherine Lawless

Tá scéal Frank Lawless agus an bhaint a bhí aige leis an ngluaiseacht phoblachtach i dTuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath inste go fairsing. An níl fios, áfach, ar an ualach trom a chur feiceálacht Frank mar phoblachtánach ar a bhean chéile Catherine, a fágadh léi féin le gnó an bhúistéara teaghlaigh, feirm fhairsing agus teaghlach mór a bhainistiú. Chuir sí ainmhithe nó baisceanna d'innealra feirme ar ceant go rialta nó lig sí beartáin den fheirm ar cíos. Go ginearálta tharla na fógraí nuachtáin maidir le gach díolachán ag an am céanna le ceann de thréimhsí príosúnachta Frank. Ba mhinic nár cuireadh Catherine ar an eolas faoi áit a raibh a fear céile i bpríosún agus bhíodh uirthi scríobh chuig Caisleán Bhaile Átha Cliath chun eolas a lorg. Bhí uirthi déileáil freisin le grinnscrúdú an-ghéar ó na húdaráis mar go ndearnadh ruathar ar a dteach ag Baile an tSásaraigh roinnt uaireanta.

## Molly Adrien

Chuaigh Mary Ellen (Molly) Adrien isteach i gCumann na mBan i 1914 agus bhí baint lárnach aici le brainse a bhunú i Lusca. Luan Cásca 1916, thaistil Molly go Joseph Lawless agus Thomas Ashe, ceannairí Bhriogáid Fhine Gall, le horduithe ó Patrick Pearse chun tús a chur leis an troid. Chaith sí Seachtain na Cásca ag rothaíocht anonn agus anall idir Fine Gall agus Cathair Bhaile Átha Cliath ag iompar tuairiscí agus orduithe. Tar éis chath Chill Dhéagláin an 27 Aibreán 1916, thug Molly cúnamh don Dr Richard Hayes leis na daoine a loiteadh. Ba é an Dr. Hayes dochtúir oifigiúil Aontas Bhaile an Ridire, áit a raibh Molly ina comhalta boird ó mhí Iúil 1914.



Molly Adrien

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

D'fhan Molly ina poblachtánach dílis agus ina comhalta gníomhach den IRA i rith Chogadh na Saoirse agus sa Chogadh Cathartha. Cosúil le formhór na gcomhaltaí de Chumann na mBan bhí sí in aghaidh an chonartha. In ainneoin a seirbhíse agus a tiomantais don chúis, bhí deacracht ag Molly teacht ar phinsean seirbhíse nuair a bhí an choimhlint thart agus b'éigean di achomharc a dhéanamh.

## Dot Fleming

Ba as Droim Chonrach do Monica (Dot) Fleming áit a raibh siopa grósaera agus teach tábhairne ag Droichead Tulchann ag a muintir a úsáideadh mar theach sábháilte do na hÓglaigh. Bhuaileadh Dot, in éineacht lena deirfiúr Kitty agus a deartháir Michael, le muintir Lawless. Le linn an Éirí Amach, thug Dot eolas agus soláthairtí do na hÓglaigh ar fud Chontae Bhaile Átha Cliath Thuaidh chomh maith le garchabhair do dhaoine a bhí gortaithe. Phós sí Joseph V. Lawless i mí Lúnasa 1922.



Dot Fleming i measc na mná Lawless

Sa ró deiridh, clé go deas: Kathleen Lawless, Dot Fleming. Sa chéad ró, clé go deas: Eibhlin Lawless, Catherine Lawless

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

## Bridget Connolly

Rugadh Bridget Connolly i gCeatharlach ach faoi 1911 bhí cónaí uirthi in Ard Aidhin, Baile Átha Cliath. Chuaigh sí isteach i gCumann na mBan i 1914 agus roimh Éirí Amach na Cásca stóráladh os cionn dosaen 900 raidhfil Mauser ina teach. Rinne sí seirbhís in Ard-Oifig an Phoist mar a d'iompair sí teachtaireachtaí ó James Connolly go Ned Daly i Sráid an Teampaill. Nuair a thuig Pearse go raibh géilleadh dosheachanta, thug Bridget tríocha go daichead bean amach as an bhfoirgneamh faoi bhratach bhán. Gabhadh an grúpa ach scaoileadh saor iad níos déanaí an lá sin.



Bridget Connolly

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

Le linn Chogadh na Saoirse, bhailigh sí agus stóráil sí airm, agus dhaingnigh sí tithe sábháilte d'fhir a bhí ar a dteitheadh. Bhí sí ina rúnaí ar Chumann na mBan i gComhairle Ceantair Fhine Gall i 1921. Sa bhliain 1922, thaistil Bridget go Manchain agus Learpholl chun teileagraim a athsheachadadh go dtí na Stáit Aontaithe agus fanacht leis na freagraí. Níor thacaigh sí leis an gConradh agus cuireadh i bpríosún í tar éis scrios na gCeithre Chúirt i 1922, agus dúirt Richard Mulcahy gur chontúirt í do shábháilteacht an phobail. Scaoileadh saor í faoi dheireadh i mí na Samhna 1923.

## Lawless agus Lyons

Bhunaigh Mary Lawless, deirfiúr Frank Lawless, brainse Chumann na mBan, Sord, i 1914. Thóg sí grúpa láidir comhaltaí a soláthar cúnamh leighis, bia agus éadaí, iompar faisnéise ríthábhachtach idir brainsí de Bhriogáid Fhine Gall chomh maith le háiteanna sábháilte a aimsiú chun fir agus armlón a cheilt.

Chuaigh iníonacha Frank Lawless Kathleen agus Eibhlin isteach i gCumann na mBan chomh maith. D'iompair an bheirt acu teachtaireachtaí idir baill Bhriogáid Fhine Gall le linn Éirí Amach 1916 agus chabhraigh siad le daoine gortaithe tar éis Chath Chill Dhéagláin. Ina dhiaidh sin, d'oibrigh Eibhlin mar chlóscríobhaí rúnda do Michael Collins sa Roinn Airgeadais. Nuair a shocraigh sí dul isteach sa saol reiligiúnach i mí Lúnasa 1920, mhol a hathair beirt dá col ceathracha, Ellie agus Alice Lyons, gearrscríobhaí oilte araon, a chur ina háit. Agus iad ag obair le Michael Collins, chruthaigh siad go raibh siad in ann oibriú faoi bhrú, go raibh orthu dul i ngleic leis an arm de shíor ag déanamh ruathair ar a n-oifig. Nuair a chuaigh Collins go Londain le hidirbheartaíocht a dhéanamh ar an gConradh Angla-Éireannach i 1921, bhí Ellie agus Alice araon i measc an cheathrar ban a roghnaíodh le dul in éineacht leis na toscairí Éireannacha.



Alice Lyons, Kathleen McKenna and Ellie Lyons i Londain, 1921

Le caoinchead ón Cartlainne Míleata

# Timthriallta Foréigin

Le linn na tréimhse réabhlóidí, bhí Fine Gall mar láthair ag timthriallta foréigin agus doirteadh fola arís agus arís eile. Le linn an Éirí Amach, bhí an 5ú Cathlán/Briogáid Fhine Gall ar cheann de na haonaid ba ghníomhaí sa tír agus bhí a rannpháirtíocht le Constáblacht Ríoga na hÉireann i gCill Dhéagláin an 28 Aibreán 1916 ar cheann de na cathanna aonghnímh ba mharfaí le linn Sheachtain na Cásca. Maraíodh ochtar oifigeach póilíneachta, triúr sibhialtach agus beirt Óglach le linn an chomhraic dóiteáin cúig huaire an chloig. Ba é Cath Chill Dhéagláin an rannpháirtíocht ba mhó taobh amuigh de Chathair Bhaile Átha Cliath le linn Éirí Amach na Cásca agus an t - aon chath a bhuaigh na hÓglaigh.

I rith Chogadh na Saoirse, bhí Fine Gall mar láthair ag cuid de na heachtraí ba dhrámatúla sa choimhlint. Ba é an ruathar ar Aeradróm Bhaile Choilín i Márta 1919, inar ghabh Óglaigh ó gach cearn de Briogáid Bhaile Átha Cliath 75 raidhfil agus timpeall 5,000 urchar armlóin, an líon is mó arm a gabhadh ó na Briotanaigh le linn na coimhlinte. Chuir an 5ú Cathlán tiománaithe ar fáil don ruathar agus cuireadh cuid de na hairm i bhfolach timpeall na hAille sular dáileadh iad. Chuir na gunnaí agus an t-armlón a gabhadh airm ar fáil do IRA Bhaile Átha Cliath don chuid is mó den chogadh in aghaidh riail na Breataine.

Bhí borradh suntasach faoin bhforéigean i bhFine Gall le linn 1920, mar gur spreag feachtas an IRA freagra ansmachtach ó na húdaráis. Lámhachadh an Sáirsint RIC Patrick Finnerty i mBaile Brigín an 14 Aibreán agus d'ionsaigh an IRA an Rois an 29 Aibreán, rud a d'fhág gur bhásaigh an Sáirsint RIC John Brady. Tharla ruathair tí go minic i mí Iúil agus i mí Lúnasa - an 6 Lúnasa 1920, cuireadh bac ar Shord agus chuardaíodh é go córasach le fórsa measctha marcra agus coisithe, rud a chuir isteach go mór ar an áit. Ba é an eachtra ba thrámaí sa chogadh, áfach, a bhí le feiceáil i gceannlínte idirnáisiúnta, ná Creach Bhaile Bhrigín an 20 Meán Fómhair 1920. Tar éis lámhach an Phríomh-Chonstábla Peter Burke ag IRA áitiúil; d'ionsaigh 200 póilín cúnta ó champa Bhaile Mhic Gormáin an baile, ag dó 54 teach, 4 theach tábhairne agus monarcha, agus maraíodh na fir áitiúla James Lawless agus John Gibbons. Ina dhiaidh sin tharla lámhach John 'Terry' Sherlock ag póilíní ina theach sna Sceirí an 27 Deireadh Fómhair.

D'éirigh imeachtaí níos measa fós i ndiaidh Dhomhnach na Fola i gCathair Bhaile Átha Cliath an 21 Samhain 1920, inar bhásaigh 35 duine – 16 duine ó fhórsaí na Breataine, 16 sibhialtach agus 3 ón IRA – i 24 uair an chloig d'fhoréigean nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe sin. Mothaíodh iarmhairtí Dhomhnach na Fola ar fud na tíre agus tháinig borradh ollmhór faoi ghníomhaíocht phóilíneachta agus mhíleata i bhFine Gall sa tréimhse idir an 21 Samhain agus an 25 Nollaig 1920. Cuireadh dlús le ruathair agus cuardaigh ar thithe agus ar áitribh eile, rud a d'fhág gearáin ó mhuintir na háite faoi dhamáiste agus gadaíocht, agus gabhadh 29 fear agus cuireadh i bpríosún iad. Le linn na tréimhse céanna, mharaigh fórsaí na Breataine triúr - lámhachadh John 'Rover' McCann sa Ros an 22 Samhain, maraíodh Thomas Hand taobh amuigh theach a dhearthár sna Sceirí an 5 Nollaig agus lámhachadh William Hayes, fear bannaí míleata, de thaisme ag fairtheoirí ag campa Bhaile Choilín an 9 Nollaig. Ina theannta sin, lámhachadh agus ghortaigh na póilíní Patrick Matthews sna Sceirí an 21 Samhain.

Lean tréimhse socair an tréimhse dian gníomhaíochta seo go dtí go ndearna an IRA sraith ionsaithe ar stáisiúin gharda cósta ar fud an chontae le linn mhí an Mheithimh 1921. Tharla na cuardaigh tí dheireanacha ag póilíní i Sord an 28 Meitheamh, cé gur tharla an eachtra lámhach mór deireanach an 2 Iúil, nuair a ghortaigh agus a ghabh na póilíní Michael Rock de IRA na hAille. An 8 Iúil, rinne an IRA scrios ar ionta Athshuite Lusca, a bhí in úsáid ag marcra míleata na Breataine. Ba é seo an gníomh deiridh de Chogadh na Saoirse i bhFine Gall, mar a tháinig an Sos Cogaidh i bhfeidhm dhá lá ina dhiaidh sin.



John Terry Sherlock

Bhí sé ina chomhalta de Chomplacht Óglaigh na hÉireann sna Sceirí agus ghabh Fórsaí na Corónach as a theach é go moch an 27 Deireadh Fómhair 1920 agus mharaigh siad é. Ní raibh sé ach 22 bliain d'aois.

Le caoinchead ó Peter F. Whearity



Thomas Hand

Bhí sé ina chomhalta de Chomplacht Óglaigh na hÉireann sna Sceirí agus lámhach Fórsaí na Corónach é agus é ag iarraidh éalú ó theach a dhearthár an 5 Nollaig 1920. Ní raibh sé ach 42 bliain d'aois.

Le caoinchead ó Peter F. Whearity




Cumann na gCleas Lúit nGaedealac
(GAELIC ATHLETIC ASSOCIATION)
GREAT CHALLENGE MATCH
(FOOTBALL)
Tipperary v. Dublin
AT CROKE PARK
On SUNDAY, NOVEMBER 21, 1920
MATCH AT 2.45 P.M.
ADMISSION 1/-

Ticéad iontrála don chluiche idir Tiobraid Árann agus Baile Átha Cliath i bPáirc an Chrócaigh, 22ú Samhain 1920

Ba ag an gcluiche seo a thiomáin Fórsaí na Corónach isteach ar an bpáirc agus thosaigh siad ag scaoileadh ar an slua agus ar na himreoirí. Bhásaigh ceithre dhuine dhéag, ina measc buachaill 10 mbliana d'aois, Jerome O Leary

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall



Socraíonn Coimisinéirí Baile Bhaile Brigín ag a gcruinniú an 3 Samhain 1920 John Derham, athair an Chathaoirligh Michael James Derham, a chur go SAM chun sonraí Chreach Bhaile Brigín a insint oíche an 20 Meán Fómhair 1920. Ní fhéadfadh an cathaoirleach féin an turas a dhéanamh mar bhí sé i bpríosún ag an am

Miontuairiscí chruinnithe Coimisinéirí Baile Brigín

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall



SWORDS AND SKERRIES

Night of Terror and Burning in County Dublin

The villages of Swords, Rush, and Skerries, in Co. Dublin, were visited over-night by numbers of men belonging to the Crown forces, and several houses and shops were looted and burned.

Oíche Sceimhle i Sord agus na Sceirí

Evening Herald 22 Samhain 1920

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann




Na teachín scriosta ar Sráid Chluain Ard i ndiaidh Creachadh Bhaile Brigín, 20ú Meán Fómhair 1920

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

# Filleadh ar an tSíocháin

Ní raibh aon troid leanúnach i bhFine Gall le linn an chogaidh chathartha idir Meitheamh 1922 agus Aibreán 1923, agus d'éalaigh sé den chuid is mó ón scrios a chonacthas in áiteanna eile ar fud na tíre. Chuir Baile Átha Cliath, lár na tíre, an Clár agus Luimneach an chuid is mó de thacaíocht an Chonartha ar fáil agus bhí Fine Gall mar chuid de stráice mór a bhí ar son an Chonartha, lena Rannáin IRA in aice láimhe – an 5ú Rannán Thuaidh agus an 1ú Rannán Lár Tíre – ag roghnú i bhfabhar an chomhréitigh.



An Garda Síochána ag máirseáil den chéad uair ag sochraid Frank Lawless ar 18ú Aibreán 1922

Íomhá le caoinchead Músaem na Gardaí Síochána

Tharla roinnt achrann sa chontae i rith na tréimhse lena n-áirítear lámhach Harry Boland sna Sceirí an 31 Iúil 1922, ionsaí buamála an IRA ar dhroichead iarnróid Mhullach Íde agus Stáisiún Garda Cósta Bhaile Brigín i mí Eanáir 1923 mar aon le fuadach an tSeanadóra John Bagwell i mBinn Éadair an 2 Márta 1923.

Ina theannta sin, fuair roinnt daoine as Fine Gall bás i mbun comhraic le linn an Chogaidh Chathartha. Maraíodh 12 fear agus iad ag troid in Arm Náisiúnta an tSaorstáit ar thaobh an Chonartha. Maraíodh John McGowan ó na Sceirí, a bhí in éadan an Chonartha, i mbun gnímh agus é ag troid in aghaidh fhórsaí an tSaorstáit ag Faiche Stiabhna i mí Iúil 1922. Ar an iomlán, áfach, bhí an contae ciúin i rith 1922 – 1923.


Bhí filleadh ar an tsíocháin mar fhaoiseamh d'áitritheoirí Fhine Gall gan dabht agus thug sé an deis do go leor fear agus ban ar chuir coimhlint, gabháil agus príosúnacht isteach ar a saol, normáltacht éigin a athbhunú trí fhostaíocht a fháil nó teaghlaigh a bhunú. Bhí sé deacair ar chuid acu dul i dtaithí ar an tsíocháin tar éis roinnt blianta de choimhlint, mar a dúirt James Crenigan, aidiúnach le Briogáid Fhine Gall:

> “It was strange to go home and sleep there in peace again... It was likewise strange to walk on the street or road and pass Tans and RIC without being stuck up or putting one's hand to one's gun.”

I gcás daoine eile, díríodh ar atógáil. Mar shampla, lorg Coimisinéirí Baile Bhaile Brigín cabhair ón rialtas láir chun an baile a atógáil, a raibh codanna de fós ina bhfothracha tar éis scrios Mheán Fómhair 1920.

Ba é an dúil sa tsíocháin agus sa normáltacht ba mhó a léiríodh go mór sa mheath ar bhallraíocht an IRA nuair a tháinig an Sos Cogaidh i bhfeidhm. Thit Briogáid Fhine Gall ó 594 ball an 11 Iúil 1921 go 140 an 1 Iúil 1922. Bhain na hÓglaigh a bhí fágtha úsáid as an deis a líonra faisnéise a dhaingniú, ag tuairisciú go raibh daoine ag tabhairt faisnéise dóibh ó oifigí poist Fhionnghlaise, Bhaile Gháire agus Dhamhliag. Aithníodh go raibh máistrí stáisiúin na stáisiúin seo a leanas: stáisiúin iarnróid Bhaile an Lígh, Bhaile Brigín, na Sceirí, Rois & Lusca, Dhomhnach Bat agus Mhullach Íde go mór ar son na Breataine.

Micreacosma den chuid eile den tír a bhí i bhFine Gall ag deireadh na tréimhse réabhlóidí – is cinnte gur chuir an daonra, a bhí traochta den suaitheadh leanúnach ó 1916 ar aghaidh, fáilte roimh scor na cogaíochta. Ní mór gan dearmad a dhéanamh air ach an oiread go raibh Éire i mbun cogaidh i ndáiríre ó 1914 i leith mar chuid den Ríocht Aontaithe agus gur bhásaigh 30,000 duine ar a laghad sa Chéad Chogadh Domhanda. Is dócha gur chiallaigh sé seo, i dteannta leis an gcruachás a tharla de bharr na réabhlóide, gur chonacthas deireadh an Chogaidh Chathartha mar fhilleadh ar normáltacht a bhí de dhíth le fada an lá, bíodh is gur tír í a d'athraigh go hiomlán idir 1900 agus 1923.



SHOTS IN SKERRIES

T.D. Dangerously Wounded Early This Morning

HOTEL RAID

Mr. Harry Boland in a Critical Condition in St. Vincent's Hospital

Mr. Harry Boland, T.D. for Roscommon, who prior to the Dail Eireann debate on the Treaty acted for two years as Irish Envoy in the U.S., was dangerously wounded in Skerries in the early hours of this morning, and at present lies in a critical condition in St. Vincent's Hospital.

Particulars of the occurrence so far are meagre, but it appears that about 2 a.m. a party of National troops raided the Grand Hotel with a view to effecting Mr. Boland's arrest. He resisted, and it is stated shots were fired, with the result that he was wounded in the back.

After being attended by local practitioners, Mr. Boland was removed to St. Vincent's Hospital, Dublin, where an operation was performed.

Lámhachadh Harry Boland sna Sceirí

Evening Herald 31 Iúil 1922

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann



John McGowan

Maraíodh fórsaí an tSaorstáit é i Faiche Stiabhna, Cathair Bhaile Átha Cliath ar 28ú Meitheamh 1922.

Le caoinchead ó Peter F. Whearity



Stáisiún Garda Cósta Bhaile Brigín, 1923. Sriosadh an stáisiún go luath ar maidin ar 31 Eanáir 1923

Bailiúchán Benton/Curtis

Le caoinchead ó Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall



Ag deisiú an droichead tarbhealach i Mullach Íde i ndiaidh damáiste a rinne an IRA i mí Eanáir 1923


Le caoinchead ó Cumann Staire Mhullach Íde



An Seanadóir John Bagwell

Fuadaíodh tacaithe frith-Chonartha é óna theach i mBinn Éadair ar 2ú Márta 1923

Le caoinchead ón Bibliotheque Nationale de France



Dublin County.

Frank Lawless,
G Gavan Duffy,
Desmond Fitzgerald,
P Derham,
J O ' Dwyer,

Mrs Pearse.

Liosta de na Teachtaí Dála ó Tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath agus an vóta a chaith siad don Chonartha, 1921

Bhí Mrs. Pearse an t-aon Teachta Dála nár caith vóta ar son an Chonartha

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann

# Staidéar Áitiúil agus Cartlainne Fhine Gall

Bailíonn, caomhnaíonn agus cuireann Staidéar Áitiúil agus Cartlainne Fhine Gall taifid stairiúla a bhaineann le Fine Gall agus Baile Átha Cliath go ginearálta ar fail. Is acmhainn thábhachtach iad na bailiúcháin chun staidéar a dhéanamh ar stair áitiúil ina bhfuil grianghraif, cártaí poist, earraí inbhailithe, léarscáileanna, saothar ealaíne agus bailiúchán mór clóite de leabhair staire áitiúla, tréimhseacháin, eolairí agus leabhair tagartha. Tá taifid sa Chartlann ar rialtais áitiúil i gContae Bhaile Átha Cliath ó 1775 go dtí an lá atá inniu ann mar aon le páipéir éagsúla príobháideacha agus eastáit. Tá an tseirbhís ar fáil d'aon duine a bhfuil suim acu i stair áitiúil, sóisialta nó teaghlaigh.

Tá fáilte roimh gach taighdeoir agus is féidir ceisteanna a chur ar an nguthán, sa phost nó ar ríomhphost.

**Seoladh:** 46 An tSráid Thuaidh, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath, K67 F6Y3


**Déan teagmháil le:** archives@fingal.ie / local.studies@fingal.ie / (01) 8704486

**Uaireanta Oscailte (le coinne):** Luan go hAoine, 10rn-1in, 2rn-5in

## Nóta Buíochais

Gabhann Staidéar Áitiúil agus Cartlainne Fhine Gall mór-bhuíochas do líon mór na ndaoine a scríobh faoi staire Fhine Gall i rith na mBlianta Réabhlóideacha ina measc Peter F. Whearity, Jim Walsh, Bairbre Curtis agus Una O'Brien, agus dóibh siúd go léir a thug íomhánna dúinn go cineálta, ina measc Pat Moran, Paddy Finnegan, Peter Rooney, Brian Dooley, Joe Curtis, Cumann Staire Mhullach Íde agus Cumann Comórtha an tSean-IRA i bhFine Gall.





A THOUSAND LABOURERS IDLE.

A thousand farm labourers in North Co. Dublin are at present out of work in obedience to the mandate of the strike-leaders at Liberty Hall.

The chief districts involved in the present labour unrest in North Dublin include:—

| | |
|---|---|
| Malahide and Kinsealy ... ... ... | 100 |
| Swords ... ... ... ... ... ... ... ... | 300 |
| Raheny and Coolock ... ... ... ... | 150 |
| Santry and Glasnevin ... ... ... | 160 |
| Finglas and St. Margaret's ... | 140 |
| Baldoyle ... ... ... ... ... ... ... | 50 |
| Donabate ... ... ... ... ... ... ... ... | 60 |
| Total ... ... ... ... ... ... ... | 960 |

These unfortunate men are too much blinded by the empty promises and intimidation of the strike-mongers to see that they are already beaten. Another week or two will find them utterly routed; a month hence and they will be craving for work and for food and shelter. Most of them know this already, but for the moment they are brow-beaten by the malcontents.